

bheith curtha san áireamh mar chothrom nó beagnach cothrom leis an bpósadh. Nuair a chuirtear reachtaíocht chun cinn a chuireann an pósadh ar an mbonn chéanna le lánúineacha homaighnéasacha, tá an tsochaí á rá go bhfuil tábhacht choibhneasta ag baint le haontas buan fear céile agus bean chéile agus go bhfuil tábhacht choibhneasta freisin ag baint le giniúint beatha nua seachas iad a bheith bunúsach do nádúr agus do leas an sochaí i gcoitinne.

Cinnté, éagóir cheart atá ann má dhéanann an Stát neamhaird den áit chuí uathúil atá ag fir agus ag mná céile, ag máithreacha agus ag aithreacha, agus ach go háirithe ag cearta leanaí, a bhfuil tuiscint ghlan ar an bpósadh faoi mar a fhásann siad i dtreo aibíochta chollaí, tuillte acu ón sochaí. Go deimhin, gan cosaint agus tachaíocht a thabhairt do áit uathúil an phósta sa sochaí, bheadh an Stát ag cur ceilt go héifeachtach agus d'aonghnó ar chearta leanaí athair agus máthair a bheith acu.

Tá casadh bunúsach sa dearcadh atá againn ar an bpósadh agus ar an teaghlach sa Bhille um Páirtíocht Shibhialta agus ní féidir ligean leis gan agóid a dhéanamh ina choinne.

An gnáth-idirdhealú atá i gceist anseo?

Séard atá i gceist anseo ná conas a thabharfadh an dlí cosaint dóibh siúd atá i ngaolmhaireachtaí fadtéarmacha comhleithiúnacha. Smaoinigh, mar shampla, ar shiblíne aosta a mhair ar feadh a saol in áras an teaghlach nó ar fhear a leanann ag roinnt tí le deirfiúracha a chéile i ndiaidh báis di. I gcásanna mar seo tá sé le leas an phobail cosaint a thabhairt

do dhaoine a d'fhéadfadh a bheith leochaileach.

An idirdhealú atá soiléir sa Bhille um Páirtíocht Shibhialta ná nach ndéanann sé iarracht ar bith cosaint a thabhairt dóibh siúd, thuas luaite, a roinneann teach le chéile ach go dtugtar cosaint do dhaoine atá i ngaolmhaireacht ghnéasach – is cuma an comhpháirtíocht chomhghnéiseach atá i gceist nó más comhpháirtíocht le gnéas eile atá ann agus rogha saor déanta acu gan a bheith pósta.

Ní gné inlochtaithe an Bhille seo, áfach, go molann sé go mbeadh cosaintí réasúnta cearta ag daoine atá i ngaolmhaireachtaí comhleithiúnacha. Tuilleadh ná seo atá déanta sa Bhille: déanann sé iarracht a ngaolmhaireacht a dhéanamh chomh gar le pósadh agus is féidir agus teipeann air cosaint a thabhairt do dhaoine eile a bhfuil sé tuillte acu. Idirdhealú ceart atá sa mhéid seo – roghnú a dhéanamh cabhair a thabhairt do ghrúpa somhille amháin seachas do ghrúpa eile nuair atá an dá chuid le chéile.

Conas a rachaidh an Bille i bhfeidhm ar dhaoine atá ina choinne go coinsiasach?

Gné eile an-scanrúil atá ag an mBille um Páirtíocht Shibhialta ná go bhféadfaí fíneáil a ghearradh agus téarma sé mhí sa phríosún a ordú ar Chláraitheoir sibhialta a dhiúltaíonn go coinsiasach páirt a ghlacadh ina léithéid de shearmanas.

Beidh ionchúiseamh le héisteacht agus fíneálacha le gearradh ar Chríostaithe, ar Ghiúdaigh, ar Mhoslamaigh agus ar éinne eile nach gcuireann hallaí agus áiseanna eile ar fáil chun gaolmhaireachtaí comhghnéiseacha a cheiliúradh.

lonsaí neamhgnách forleathan ar shaoirse choinsiasa agus ar shaorchleachtadh creidimh atá sa mBille seo. Deir airteagal 44.2.1 de Bhunreacht na hÉireann: 'Ráthaítear do gach saoránach saoirse choinsiasa is saorchead admhála is cleachtadh creidimh...'

Amach ó ábhar an Bhille féin, fairsingíú dainséarach i gcomhacht an Stáit atá sna forálacha a iarrann brú a chur ar dhaoine comhoibriú leis faoi bhagairt ionsaithe ó smachtbhannaí coiriúla. Deir Stát na hÉireann, go héifeachtúil, le Caitlicigh, le Protastúnaigh, le Moslamaigh nó le Giúdaigh coinsiasacha gur saothar in aisce dóibh cur isteach ar phost mar Chláraitheoir Sibhialta. Tá brú á chur ar eaglaisí agus ar ghrúpaí creidimh eile dul in aghaidh an chreidimh doimhin atá acu ó thaobh úsáid phoitéinseal na seirbhísí agus an sealúchas atá acu. Tá sé seo ar neamhréir leis an bprionsabal gur cóir dlíthe a rith do shochaí atá éagsúil agus iolraíoch.

Conclúid

Institiúid nádúrtha agus beannacht do chách i ngach ré agus i ngach cultúr atá sa phósadh ach is beannacht uathúil é do Chríostaithe de bharr ghrásta Chríost. Sacraimint atá sa phósadh, comhartha ghrá Dé. Déanann sé grá Chríost don Eaglais a scáthánú.

Tá grá Dé iontafa agus buan-dílis. Déanann grá pósta iarracht an grá sin a scáthánú mar ghaolmhaireacht atá dílis agus doibríste.

Ní féidir teorainn a chur le grá Dé. Tugann an t-Athair, an Mac agus an Spiorad Naomh dá chéile go hiomlán. Déanann grá pósta iarracht an grá féintabhartha sin a chothú. Is trí fhorfhás an ghrá a thagann

an comhthéacs chun duine daonna nua a thuismíú. Uaireanta, áfach, teipeann ar an bhforfhás sin; tagann deighilt sa ghaolmhaireacht. Cúis fulaingt ghéar is minic a bhíonn ann. Tá freagracht orainn go léir tacaíocht atruach a thabhairt agus cúram gníomhach a thaispeáint dóibh siúd atá ag fulaingt a léithéid.

Sa phósadh tugann an fear céile agus an bhean chéile aghaidh ar thodhchaí anaithnid le muinín acu go bhfaigheann an méid a dhéanann siad tachaíocht ó ghrá láidir dílis Dé. Mar bhunchloch an sochaí, tá sé de dhualgas orainn institiúid luachach an phósta a chosaint agus a chur chun cinn.

Céard is cóir dom a dhéanamh?

- Déan teagmháil le do TD nó le ball de Sheanad Éireann.
- Scríobh chuig, cuir ríomhphost nó téacs chuig na meáin áitiúla.
- Déan díospóireacht ar an ábhar.

Ábhair thabhachtacha atá anseo faoin bpósadh, faoin teaghlach agus ag baint le hómós agus le saoirse coinsiasa. Is ceart dúshlán a chur faoi na tairiscintí seo.



An Tábhacht a Bhaineann le Pósadh

Ráiteas ó Chomhdháil Easpag Caitliceach Éireann ar an mBille um Páirtíocht Shibhialta



COMHDHÁIL EASPAG
CAITLICEACH ÉIREANN
IRISH CATHOLIC BISHOPS' CONFERENCE

Cén fáth go bhfuil tábhacht faoi leith ag baint leis an bPósadh?

Aontas leithleach atá sa Phósadh, gaolmhaireacht éagsúil ó gach uile cheann eile.

Sa phósadh, geallann fear agus bean grá agus dílseacht dá chéile, más fearr iad, más measa, más saibhir, más bocht, más tinn nó más slán go scara an bás iad. Fógraíonn siad go mbeidh a ngealltanais níos láidre ná aon dúshlán a bheidh rompu sa todhcháí.

Soláthraíonn grá tiomanta an phósadh timpeallacht oiliúnach do pháistí. Is sa timpeallacht seo a fhaigheann páistí an oiliúint is tábhachtaí agus is buaine. Foghlaimíonn siad conas a bheith mar bhaill teaghlaigh agus mar bhaill sochaí.

Ní forás príobháideach atá sa phósadh. Cliabhán dlúthaíochta don ghrá agus don bheatha atá ann – áit a fhoghlaimíonn páistí na cleachtaí agus na luachanna pearsanta a chabhróidh leo a bheith ina gCríostaithe agus ina saoránaigh fónta.

Maidir leis an teaghlach deir Bunreacht na hÉireann gur ‘fotha riachtanach don ord chomhdhaonnach...é (agus) do leas an Náisiúin agus an Stáit’ (Airt. 41.1.2°).

Plean Dé don Pósadh

Is é Dia údar an phósta. Bhronn Dia saintréithe riachtanacha ar an bpósadh – in éagmais siúd ní pósadh faoi mar a thoil Sé é atá ann.

Iniaata le plean Dé don phósadh tá an fíoras bitheolaíoch gur féidir le fear agus le bean teacht le chéile go fireann agus go baineann in aontas a bhfuil an cumas ann beatha nua a ghiniúint. Soláthraíonn aontas

an phósta leanúnachas don chine daonna agus forás don sochaí daonna.

Cinnté, is í an difríocht idir fir agus mná a dhéanann an chomhpháirtíocht agus a dhéanann an chomhpháirtíocht uathúil i ngrá agus sa bheatha atá le sonrú sa phósadh.

Teagasc Íosa féin gur idir fear agus bean atá an pósadh. ‘Nár léigh sibh go ndearna an Cruithaitheoir ó thús iad fireann agus baineann ... Mar gheall air sin, fágfaidh duine a athair agus a mháthair chun bheith go dlúth i bpáirt lena bhean, agus aon cholainn amháin a bheidh sa bheirt acu’ (Matha 19:4-6).

Is é teagasc na hEaglaise i gcónaí gur gaol eisiach idir fear amháin agus bean amháin atá sa phósadh.

Fachtóir intreach don phósadh is ea an chomhlántacht fireann-baineann. Tá sé dírithe go nádúrtha do lánúnas i gcaidreamh atá dílis agus tiomanta mar bhonn do ghiniúint beatha nua. Tugann fíor nádúr an phósta, atá beo i gcónaí don bheatha, fianaise don bhronntanas lómhar atá sa leanbh agus do roil uathúla máthair agus athair.

Tugann fear agus bean atá aontaithe i bpósadh, mar fear agus bean chéile, fianaise do phlean Dé ó thaobh beatha agus grá de i slí nach féidir le daoine eile nó le gaolta eile a dhéanamh.

Dúshlán don phósadh inniu

Is cúis áthais dúinn go bhfuil a lán lánúin phósta ag comhlíonadh a ngealltanais phósta go dílis. Lá i ndiaidh lae tugann siad fianaise do áilleacht, do suáilceas agus do fhírinne an phósta.

Tá a fhios againn freisin go mbíonn go leor dúshlán ag lánúin phósta, pósadh atá láidir agus buan a chothú. Bíonn go leor lánúin ag streachailt chun cúrsaí baile agus gnóthaí oibre a comhardú; bíonn lánúin eile ag streachailt le hualaigh troma eachnamaíochta agus sóisialta. Braitheann roinnt dóibh a bheith ar leithligh ó thachaíocht teaghlaigh sínte agus a bheith thar na bearta ag dúshlán tuistithe.

Tagann dúshlán eile ó fhorbairtí sa sochaí a bhaineann an bonn de bhrí agus de fheidhm an phósta. Is féidir le heaspa muiníne inár gcumas gealltanais fhadtéarmacha a dhéanamh agus le cur chuige ghnéasach gan choinníoll gealltanais don phósadh agus don teaghlach a dhéanamh níos deacra do lánúin sa lá atá inniu ann.

Tá claonadh buartha ann inniu a fhéachann ar an bpósadh mar ábhar príobháideach amháin, ábhar a phléann le sásamh indibhidiúil seachas le maitheas an sochaí agus le comhshaibhirí na lánúine.

Táimid buíoch go bhfuil go leor daoine ann a bhíonn ag obair le daoine óga agus le lánúin atá luaite i gcleamhnas le chéile, chun póstaí láidre a chothú. Bíonn gníomhaireachtaí cosúil le ACCORD, an Seirbhís Cúraim do Phósadh Chaitliceach, ag obair chun cabhair a thabhairt do lánúin pósta fás a chur ina ngrá agus ina gcomhcheangal, agus tugtar cabhair dóibh siúd a bhíonn i ngéarchéim réiteach a fháil ar fhadhbanna agus slánú a thabhairt isteach ina saol.

Cén fáth go bhfuil inní ar an Eaglais faoin mBille um Páirtíocht Shibhialta?

Is féidir le hathruithe sa dlí tionchar a bheith ar dearcadh an phobail maidir le pósadh. Sa lá atá inniu ann, tá dúshlán nua ann don tuiscint ar an bpósadh agus don ról uathúil atá aige sa sochaí, ón abhcóideacht chun aithint dleathach a thabhairt do lánúineacha comhghnéiseacha.

Anseo in Éirinn, tá Oireachtas Éireann ar tí reachtaíocht a chur i bhfeidhm a dhéanann iarracht an seasamh céanna a thabhairt do lánúineacha comhghnéiseacha a bheidh oiread agus is féidir cosúil leis an bpósadh. Ní thabharfaidh an Bille um Páirtíocht Shibhialta cead uchtála do lánúineacha comhghnéiseacha. Maidir le gnéithe eile, cúrsaí cánach agus gnóthaí leasa shóisialigh san áireamh, tabharfar an aird céanna don lánúin chomhghnéiseach agus a thabharfar don lánúin pósta.

Níl sé seo i gcomhréir leis an dearcadh gurb é an teaghlach, bunaithe ar an bpósadh, is bunchloch don ord sóisialta agus nach féidir ligean thar ceal maidir le leas an Náisiúin agus le leas an Stáit. Ní thugann sé san áireamh airteagal 41.3.1 de Bhunreacht na hÉireann a deir: ‘Ós ar an bPósadh atá an Teaghlach bunaithe gabhann an Stát air féin coimirce faoi leith a dhéanamh ar ord an phósta agus é a chosaint ar ionsaí’.

Cuirfidh an Bille i gcéill nach mbeidh an frása ‘Stádas Pósta’ in úsáid a thuilleadh i go leor doiciméid dleathacha agus i go leor doiciméid oifigiúla. Cuirfear ina ionad an frása ‘Stádas Sibhialta’, a chuirfidh an pósadh ar an mbonn chéanna le ‘Stádas’ lánúineacha comhghnéiseacha.

Agus lánúineacha comhghnéiseacha á gcur ar aon chothrom leis an bpósadh, tá ullmhú á dhéanamh ag an mBille, don lá amach anseo nach dtabharfar mórán aird nuair a ghlaotar ‘pósadh’ ar lánúineacha comhghnéiseacha. Is cosúil, áfach, go nglaofar ‘pósadh’ ar lánúineacha comhghnéiseacha sna meáin chumarsáide agus i dteanga laethúil an phobail.

Ní mór breith a thabhairt ar dhlíthe ní amháin ar an méid a ligean nó ar an méid nach ligean siad don saoránach a dhéanamh, ach, agus is ceist ríthábhachtach í seo, ar an méid de dhearcadh an phobail a chuirtear in iúl iontu. Is cuma cén intinn a bhí ag na dréachtóirí, deir an Bille nach bhfuil aon rud speisialta ag baint leis an bpósadh mar gur beag agus ionann é le lánúineacha comhghnéiseacha; agus nach cuma don Stát an bpósann nó nach bpósann fir agus mná.

Ní féidir le lánúineacha comhghnéiseacha, áfach, an comhpháirteachas sonrach atá sa phósadh a bhaint amach. Ní léiríonn lánúineacha comhghnéiseacha an chomhlántacht nádúrtha idir fir agus mná a dhéanann giniúint beatha nua indéanta. Tá a leithéid de lánúineacha contrartha le plean Dé don ghrá ghnéasach atá beartaithe don ghaol idir fear céile agus bean chéile sa phósadh.

Seasann an Eaglais le dínit daonna daoine homaighnéasacha agus leis an dualgas plé le gach duine go hómósach, le taise agus le mothálacht.

Tá glaoch chun naofachta, glaoch a chuireann suáilce na geannaíochta san áireamh, faighte ag gach ball den chomhlúadar Chríostaí – daoine a bhfuil claonadh homaighnéasach acu curtha san áireamh. Tugann an Eaglais spreagadh do gach duine cairdis gheanmnaíthe a

bheith acu. Is cuma an dtagann forbairt ar chairdeas idir dhaoine den ghnéas chéanna nó de ghnéas eile, léirítear maitheas don uile ina léithéid. Tá grá agus trócaire Dé ar fáil i gcónaí don chomhlúadar Chríostaí sna Sacraimintí agus san urnaí. Fiú nuair nach sroichimid na hidéil Chríostaithe don ghrá ghnéasach sa phósadh, tugann siad misneach agus neart dúinn ar shlí na beatha agus tugann siad lúcháir dúinn freisin – lúcháir a fhaighimid mar chuireadh ón Tiarna i gcónaí.

Beart ar son an chirt atá ann pósadh a chosaint.

Séard is brí le pósadh ná aontas idir fear agus bean. Séard is brí le fear céile ná fear a bhfuil bean chéile aige; séard is brí le bean chéile ná bean a bhfuil fear céile aici. Ní féidir le lánúin chomhghnéiseach a bheith ina fhear céile agus ina bhean chéile. Ní féidir le lánúin chomhghnéiseach leanbh a thuismíú trí ghníomh ghnéasach a chuireann grá pósta in iúl.

Go minic cuireann na daoine a lorgaíonn aitheantas dleathach do lánúineacha comhghnéiseacha a gcás i láthair mar bheart a bhaineann le cothroime, le comhionannas agus le cearta sibhialta. Dearbhaíonn an Eaglais gur cóir cearta sibhialta bunúsacha a thabhairt do gach duine. Is cóir agus is féidir é seo a bheith indéanta gan bunchloch an sochaí, atá bunaithe ar an phósadh agus ar an teaghlach, a íobairt agus gan an saoirse reiligiúin atá ag indibhidí agus ag institiúidí a shárú.

Beart ar son an chirt atá ann nádúr uathúil an phósta, mar aontas idir fear amháin agus bean amháin, a chosaint agus a chur chun cinn. Ní féidir le lánúineacha comhghnéiseacha, ón nádúr atá acu, a

